EUROPEAN WOMEN'S LOBBY
EUROPEEN DES FEMMES

# UAIR NA CINNIÚNA DON EORAIP

## Rannpháirtíocht chomhionann na mban ag gach leibhéal: réamhriachtanais don tsíocháin, do rathúnas agus d'athrú sóisialta

#FeministEurope #EUelections2024

**Forógra ó Bhrúghrúpa Mhná na hEorpa**

**Cearta agus ceannaireacht na mban a chosaint agus a fheabhsú trí mheicníochtaí feidhmiúla institiúidithe**

# CLÁR ÁBHAIR


Achoimre Fheidhmeach 3

Forógra 5

Cearta na mban a chosaint agus a fheabhsú ar bhonn inbhuanaithe trí mheicníochtaí institiúidithe / Daonlathas na paireachta agus ionadaíocht chomhionann na mban a fhíorú 8

Tacú le neamhspleáchas eacnamaíoch na mban i dtreo samhail eacnamaíoch fheimineach Deireadh a chur le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní arna bhuanú ag an gcóras patrarcach 9

Deireadh a chur le dúshaothrú nua-liobrálach agus patrarcach de chorp na mban agus na gcailíní / Féinchinntiúchán colainne a ráthú do mhná 10

Glór na mbán a áireamh i gcothú na síochána
Páirt lárnach a bheith ag mná san aistriú glas 11

Nótaí Deiridh 12

Buíochas, Eolas agus Acmhainní Breise 13

**In ainneoin buanna suntasacha** do chearta na mban agus na gcailíní san Eoraip, léiríonn na dúshláin a tháinig chun cinn le déanaí arís go mbíonn tionchar díréireach ag géarchéimeanna ar mhná, ar chailíní agus ar eagraíochtaí um chearta na mban.

**San AE, d'fhulaing 1 as 3 bhean foréigean fisiciúil agus/nó gnéasach, agus d'fhulaing 1 as 2 bhean gnéaschiapadh ó bhí siad 15 bliana d'aois.[1]**

**Tá an Eoraip tar éis tús a chur le haistear uafásach ar gcúl**. Tá steiréitíopaí inscne agus luachanna patrarcacha faoi bhláth inár sochaithe go fóill. Tá mná á gcur i róil cúramóirí neamhíoctha nó ar phá ró-íseal gan an aitheantas ceart. Ceileann gnéasachas forleathan comhdheiseanna agus cumhacht ar mhná i ngach réimse den saol. Cúlgháireadh cuid de na cearta ban agus cailíní ba bhunúsaí agus ba dheacra buaite; san Eoraip sa lá atá inniu ann tá mná fós ag fáil bháis toisc nach bhfuil rochtain acu ar ghinmhilleadh, nó tá siad á marú ag a gcéile nó ag duine muinteartha leo!

**NÍ MNÁ IAD ACH 33,4% DE NA HAIRÍ SAN AE[2]**

**Teastaíonn uainn** Eoraip ina bhfuil cearta comhionanna agus rannpháirtíocht chomhionann ag mná agus cailíní ina n-éagsúlacht uile i ngach réimse agus ar fud gach leibhéal den tsochaí agus ina bhfuil siad saor ó gach cineál cos ar bolg agus dúshaothrú.

**Is é 30% an meánbhearna idir na hinscní maidir le pinsin san Eoraip[3]**

**Tá sé éigeantach cearta na mban agus na gcailíní a chur i gcroílár bheartais Eorpacha chun an tionscadal Eorpach um shíocháin, daonlathas, cuimsiú, comhionannas agus dlúthpháirtíocht a sheachadadh.**

**Iarraimid ar chinnteoirí AE agus náisiúnta bearta ceangailteacha a chur i bhfeidhm agus cistí a sholáthar le haghaidh an méid seo a leanas:**

- ✓ Daonlathas na paireachta agus ionadaíocht chomhionann ban a bhaint amach;
- ✓ Neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a chur chun cinn i dtreo múnla eacnamaíoch feimineach;
- ✓ Deireadh a chur le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní arna bhuanú ag an gcóras patrarcach;
- ✓ Deireadh a chur le dúshaothrú nua-liobrálach agus patrarcach de chorp na mban agus na gcailíní;
- ✓ Féinriar colainne a ráthú do mhná;
- ✓ Glórtha na mban a chur san áireamh i gcothú na síochána;
- ✓ Ról lárnach a thabhairt do mhná maidir leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach.

## FAIGH TUILLEADH EOLAIS AR CONAS IS FÉIDIR LEAT RANNCHUIDIÚ

le fíor-chomhionannas a bhaint amach idir mná agus fir san Eoraip sa leagan iomlán dár bhforógra thíos.

LEATHANACH 5 →

## Ba cheart don Aontas Eorpach:

- **Tacaíocht ghníomhach a sholáthar d'eagraíochtaí um chearta na mban**, lena n-áirítear acmhainní airgeadais agus spásanna sábháilte;
- Straitéis um **phríomhshruthú inscne** a ghlacadh, lena n-áirítear **buiséadú inscne**, le cur i bhfeidhm in ionstraimí polaitiúla uile an AE agus aird ar leith á tabhairt ar athruithe móra amhail an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas;
- **Ionadaíocht chomhionann ban agus fear sa chinnteoireacht pholaitiúil** a áirithiú mar ionadaíocht **50/50** de gach inscne in aon chomhlacht cinnteoireachta de chuid an AE, lena n-áirítear "príomhphoist" an AE;
- **Anailís bhuiséadaithe inscne** a dhéanamh le linn **athbhreithniú meántéarmach 2023 ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027;**
- Glacadh go tapa leis an **Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh** lena n-áirítear a **forálacha maidir le teacht i dtír gnéasach agus cibearfhoréigean in aghaidh na mban;**
- **Foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní** a mholadh le dul ar liosta na **gcoireanna tromchúiseacha trasteorann** chun a áirithiú go gcuirfear i gcrích creat reachtaíochta cuimsitheach AE a thugann aghaidh ar gach cineál de Foréigean in aghaidh na mBan agus na gCailíní (VAWG);
- **Glacadh leis an tSamhail Chomhionannais** ar leibhéal an AE agus reachtaíocht an AE a chomhchuibhiú i gcomhréir leis an **gcur chuige um éileamh deiridh;**
- **Sláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe (SCGA) a Aithint, lena n-áirítear an ceart chun ginmhilleadh sábháilte**, mar chuid de **chearta daonna na mban agus na gcailíní** agus iad a áireamh sa **Chairt Eorpach um Chearta Bunúsacha;**
- **Rún 1325 de chuid an CSNA** agus an clár oibre iomlán maidir le mná, síocháin agus slándáil **a chur i bhfeidhm ina iomláine**;
- **Príomhshruthú inscne a chur i bhfeidhm** go córasach agus **glacadh le cur chuige trasnach** maidir le **beartais agus rialacháin aeráide** a cheapadh.

## Ba cheart do Bhallstáit an AE:

- Glacadh le **reachtaíocht cheangailteach maidir le cuótaí agus zipliostaí,** ag brath ar an gcóras toghcháin, chun **paireacht a bhaint amach d'ionadaithe tofa** do phoist cinnteoireachta polaitiúla;
- **Bonneagar agus seirbhísí cúraim atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán** a thógáil agus a chothabháil, mar aon le hinfheistíocht a dhéanamh ann, laistigh de chur chuige saolré cearta daonna chun freastal ar riachtanais chúraim ag gach céim;
- **Rochtain a sholáthar do mhná ar obair fhónta réasúnta, lena n-áirítear ioncam réasúnta, pá comhionann, slándáil, forbairt phearsanta agus cosaint shóisialta imleor**, agus aird faoi leith ar mhná a bhfuil rátaí dífhostaíochta níos airde agus na rátaí pá is ísle acu, amhail mná faoi mhíchumas, mná imirceacha, mná scothaosta agus mná atá ina gcónaí i gceantair thuaithe;
- **Tacaíocht a sholáthar atá saor in aisce agus so-inrochtana do chách, agus í in oiriúint do riachtanais íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní**, lena n-áirítear mná faoi mhíchumas, mná a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe, mná imirceacha gan dídean;
- **Tacaíocht éifeachtach a sholáthar do mhná atá thíos le dúshaothrú gnéasach** trí **chláir éalaithe** a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tacaíocht dlí, sláinte, tithíochta agus fostaíochta;
- **Rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte, dlíthiúil a ráthú do gach bean** beag beann ar na cúinsí agus **aird ar leith a thabhairt ar riachtanais grúpaí mionlaigh** amhail mná imirceacha nó mná faoi mhíchumas;
- **Oideachas cuimsitheach caidrimh agus gnéasachta** bunaithe ar **neamhspleáchas, meas, frithpháirteachas, toiliú, gnéas sábháilte taitneamhach** a chur san áireamh i gcuraclaim scoile agus **dul i ngleic le steiréitíopaí inscne, le réaltachtaí fhoréigean na pornagrafaíochta agus le hoibiachtú agus hípearghnéasú ban**;
- **Sainseirbhísí tacaíochta a fhorbairt do na mná agus do na cailíní go léir a dhíláithrítear de thoradh cogaí,** lena n-áirítear rochtain uilíoch ar sheirbhísí dlí, leighis, síceasóisialta, agus gnéis agus sláinte atáirgthe atá **lán-inrochtana agus atá in oiriúint do mhná faoi mhíchumas, do mhná scothaosta, agus do mhná agus do chailíní ó chúlraí éagsúla cultúrtha agus teanga;**
- Deis an **aistrithe ghlais a thapú chun dul i ngleic le bearnaí inscne maidir le pá, fostaíocht, tuilleamh fadtéarmach agus pinsean, agus neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a ráthú.**

# BAINIMIS LEAS AS TOGHCHÁIN 2024 AN AE
# CHUN CEARTA NA MBAN AGUS AN COMHIONANNAS IDIR MNÁ AGUS FIR A BHUNÚ GO DAINGEAN I GCROÍLÁR AN AE!

ÁR N-ÉILEAMH

Tar éis thoghcháin AE 2019, ní raibh ach 17 bhFeisire baineanna de Pharlaimint na hEorpa (FPE) ó mhionlaigh eitneacha arb ionann é agus

2,4%

de na Feisirí ar fad[13]

Le linn na chéad tréimhse den phaindéim COVID-19, chaith mná

**18.6 uair**

an chloig in aghaidh na seachtaine ar obair tí agus ar chócaireacht i gcomparáid le

**12.1 uair**

i gcás fear[14]

NÍ MNÁ IAD ACH 33,4% DE NA HAIRÍ SAN AE[12]

# Forógra

**An chéad Uachtarán mná riamh ar an gCoimisiún Eorpach** lena comh-aireachta stairiúil déanta as foireann de Choimisinéirí a bhain amach beagnach 50/50 ó thaobh paireachta inscne de, ainmniúchán Coimisinéir um Chomhionannas, glacadh leis an **Treoir maidir le Mná ar Bhoird**, **Treoir maidir le Trédhearcacht Pá**, chomh maith le **moladh ón gCoimisiún Eorpach maidir le Treoir um Fhoréigean in aghaidh na mBan agus um Fhoréigean Teaghlaigh**: sin cuid de na **buanna suntasacha** a baineadh amach le déanaí do chearta na mban agus do gach duine san Eoraip.

Mar sin féin, i measc na ndúshlán iolrach - an Phaindéim COVID-19, ionradh na Rúise ar an Úcráin, an ghéarchéim fuinnimh, an ghéarchéim aeráide agus tubaistí nádúrtha, an boilsciú ollmhór, spás agus acmhainní teoranta do chearta na mban atá ag dul i laghad - tá mná agus eagraíochtaí chearta na mban tar éis a bheith thíos leis arís ar bhonn tromchúiseach agus díréireach, agus chonaic muid creimeadh na mban mar ábhair pholaitiúla ar leith. **Tá gá le tiomantas láidir cearta na mban agus na gcailíní a chur i gcroílár bheartais Eorpacha.**

**Don chéad uair le deich mbliana, tá méadú tagtha ar neamhionannais inscne maidir le fostaíocht, oideachas, stádas sláinte agus rochtain ar sheirbhísí sláinte**[4]. Tá róil thraidisiúnta bunaithe ar steiréitíopaí inscne, agus tá luachanna patrarcacha ag méadú inár sochaithe, ag cur mná i róil cúramóirí neamhíoctha nó ar phá ró-íseal gan an aitheantas ceart agus ag cur ualach ard ar rannpháirtíocht chomhionann ban sa spás polaitiúil agus sa mhargadh saothair foirmiúil. Leanann leitheadúlacht an ghnéasachais de mhná agus de chailíní a chur faoi chois agus cos ar bholg a dhéanamh orthu, iad a choinneáil in áit íochtarach agus bac a chur ar chomhdheiseanna do mhná agus do chailíní agus cumhachtú na mban agus na gcailíní i ngach réimse . De réir mar atá ag méadú ar éagsúlachtaí idir Ballstáit an AE, rud atá ina ábhar imní féin, **tá an Eoraip tar éis tús a chur le haistear uafásach ar gcúl**. Cúlgháireadh cuid de na cearta ban agus cailíní ba bhunúsaí agus ba dheacra buaite. Is ábhar uafáis é san Eoraip sa lá atá inniu ann **go bhfuil mná fós ag fáil bháis toisc nach bhfuil rochtain acu ar ghinmhilleadh**, mar atá sa Pholainn, áit ar bhásaigh seisear ban ar a laghad de bharr toirmeasc de facto ar an gceart bunúsach seo[5]. De réir thorthaí athbhreithnithe an Choiste um Idirdhealú in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW), coinníonn go leor tíortha rochtain ar sheirbhísí Sláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe siar freisin[6] ó mhná[7] ó mhionlaigh lena n-áirítear mná faoi mhíchumas, lucht iarrtha tearmainn agus mná imirceacha[8]. Níl aon tír slán ón bhfrithfhreagairt seo ar chearta na mban. Mar shampla, sa Fhrainc **maraíodh 113 bean ag a (iar)p(h)áirtí in 2021**[9] agus **san Eoraip, maraíodh tuairim is 2600 bean ag a bpáirtithe nó ag ball teaghlaigh in 2020**[10] In ainneoin **oibleagáid dhlíthiúil an AE comhionannas a chinntiú idir fir agus mná, agus príomhshruthú inscne, i.e. peirspictíocht inscne a chur san áireamh maidir le gach beartas,** ní dhearnadh beart de réir briathar fós maidir le cearta bunúsacha na mban.

Faigheann

50

bean bás gach seachtain de bharr foréigean teaghlaigh fireannaigh san Eoraip[11]

Ar an meán tuilleann mná

12,7%

níos lú in aghaidh na huaire ná fir san AE[15]

Is é

30%

an mheánbhearna idir na hinscní maidir le pinsin san Eoraip, rud a chuireann isteach ar neamhspleáchas eacnamaíoch na mban agus ar shlándáil seanaoise[16]

# Teastaíonn uainn:

Eoraip ina bhfuil **cearta comhionanna agus rannpháirtíocht chomhionann ag mná agus cailíní ina n-éagsúlacht uile i ngach réimse** ar fud gach leibhéal den tsochaí; áit ina bhfuil mná **saor ó gach cineál cos ar bolg agus dúshaothrú. Bheadh buntáiste ag Eoraip dá leithéid** do shochaí na hEorpa ar fad de thoradh:

- **Dlisteanacht agus a ionadaíche atá institiúidí na hEorpa** a mhéadú;
- Cur le **sárú na bearna daonlathaí** idir an AE agus a chuid shaoránach go háirithe mná agus cailíní san AE;
- **Éifeachtúlacht agus freagrúlacht bheartais an AE** a fheabhsú;
- **Saibhreas a chruthú**: thiocfadh **méadú de 6.1 go 9.6 pointe céatadáin ar OTI per capita an AE** faoi 2050, méadú arb ionann é agus **idir €1.95 agus €3.15 trilliún**;[17]
- Ráta fostaíochta a threisiú: **spreagfadh comhdheiseanna in oideachas ETIM** agus sa mhargadh saothair fás de **2.1 go 3.5 pointe céatadáin ar ráta fostaíochta an AE faoi 2050**.[18]

# Iarraimid ar:

- **Iarrthóirí** - aghaidh a thabhairt **ar éagsúlacht imní saoil na mban agus na gcailíní ina bhfeachtais** agus **cearta na mban a choinneáil ard ar an gclár oibre polaitiúil** nuair a thoghtar iad!
- **Páirtithe polaitiúla Eorpacha agus náisiúnta agus grúpaí polaitiúla Eorpacha** - **príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne** a chur i bhfeidhm ar a gcuid clár!
- **Na meáin chumarsáide - faisnéis iomlán atá neamhchlaonta agus neamhspleách, agus léargas cuimsitheach** ar na roghanna atá acu a sholáthar do vótálaithe, trí **ardán comhionann a thabhairt d'iarrthóirí baineanna agus fireanna araon**; **clúdach ar ábhair chearta na mban** a mhéadú agus fáil réidh le steiréitíopaí inscne agus le hoibiachtú na mban faoi dheireadh is faoi dheoidh!
- **Na toghthóirí -** bheith rannpháirteach, measúnú a dhéanamh ar a bhfuil déanta ag iarrthóirí go dtí seo agus ar a dtiomantas do chearta na mban agus **vótáil do cheannairí feimineacha**!
- **Institiúidí an AE** - próisis dhaonlathacha atá cothrom agus cóir a éascú d'iarrthóirí fireanna agus baineanna, próisis a chinntíonn go mbíonn siad chomh sábháilte céanna lena chéile agus fáilte rompu gach fóram poiblí a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le toghthóirí, gan aon bhaol go mbeidh siad thíos le mífhaisnéis ná bréagaisnéis inscne ná ciapadh ar líne agus as líne.

Is **le chéile** amháin, **gan bean ná cailín ar bith a fhágáil inár ndiaidh**, is féidir linn aghaidh a thabhairt go rathúil ar na dúshláin romhainn faoi láthair. Ní hamháin **gur mná** iad níos mó ná leath den daonra ach is **príomhghníomhairí athraithe** iad; sin an fáth a gcaithfidh mná a bheith saor agus nach mór iad a chumhachtú chun dul i ngleic le gach réimse den saol, ag gach leibhéal, lena n-áirítear a bheith rannpháirteach agus gníomhach sa saol polaitiúil trí vótáil agus a bheith mar chuid de mheicníochtaí daonlathacha, etc. Is le **cuimsiú agus saineolas na mban** is féidir linn teacht ar réitigh oiriúnacha agus **aistriú sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil atá cothrom** a chur i bhfeidhm.

## UAIR NA CINNIÚNA A BHEAS I DTOGHCHÁIN 2024 AN AE

## GLACAIMIS GO LÉIR LENÁR BHFREAGRACHT!

## CEARTA NA MBÁN A CHOSAINT AGUS A FHEABHSÚ AR BHONN INBHUANAITHE TRÍ MHEICNÍOCHTAÍ INSTITIÚIDITHE

**Tá neamhionannas reatha fréamhaithe go domhain sa chaidreamh cumhachta éagothrom** idir mná agus fir, agus déantar níos measa é ag an laghdú ar an spás do chearta na mban agus ag an dearcadh fabhtach gurb ionann comhionannas a bhaintear amach sa reachtaíocht agus fíor-chomhionannas inscne. Ní bheidh dul chun cinn "nádúrtha" éifeachtach maidir le comhionannas idir mná agus fir a bhaint amach – **caithfimid a bheith réamhghníomhach**.

### IARRAIMID AR CHINNTEOIRÍ AN AE AMACH ANSEO:

- Straitéis um **phríomhshruthú inscne** a ghlacadh, lena n-áirítear **buiséadú inscne**, le cur i bhfeidhm in ionstraimí polaitiúla uile an AE agus aird ar leith á tabhairt ar athruithe móra amhail an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas;
- **Measúnú a dhéanamh ar an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025**, na torthaí a ionchorprú sa **Straitéis um Chomhionannas Inscne 2.0 do 2025-2030**, agus **buiséad tiomnaithe** a áireamh sa straitéis sin;
- **Cumraíocht Chomhairle an AE** a bhunú maidir le **Cearta na mBan agus Comhionannas Inscne**;
- **Tacaíocht ghníomhach a sholáthar d'eagraíochtaí um chearta na mban**, lena n-áirítear acmhainní airgeadais agus spásanna sábháilte;
- **Coimisinéir AE a cheapadh a bheidh freagrach as Cearta na mBan agus Comhionannas Inscne amháin** agus as príomhshruthú inscne a fhorfheidhmiú i sainchúraim gach Coimisinéara eile, i dteannta leo;
- Bearta uailmhianacha a chur i bhfeidhm, **steiréitíopaí inscne, gnéasachas agus fuathchaint ghnéasach** agus a thionchair i ngach earnáil den tsochaí **a chomhrac**, lena n-áirítear sna meáin, ar líne, san oideachas, ar mhargadh an tsaothair; ba cheart go dtabharfar san áireamh go háirithe na **miotais agus an mhífhaisnéis a bhaineann le mná ó mhionlaigh agus ar aon idirdhealú trasnach** a mbíonn siad thíos leis freisin bunaithe ar chúiseanna eile amhail míchumas, eitneachas, aois agus claonadh gnéis agus stádas.

## DAONLATHAS NA PAIREACHTA AGUS IONADAÍOCHT CHOMHIONANN NA MBAN A FHÍORÚ

**Ní mionlach iad mná; is ionann iad agus breis is leath den daonra. Níl mná aonchineálach, trasnaíonn a gcuid taithí fíor-shaoil an iliomad tosca.** Dá bhrí sin, tá ionadaíocht chomhionann agus éagsúil ar mhná sna réimsí polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha ríthábhachtach do dhaonlathas na hEorpa.

### ÁR N-ÉILIMH DON AONTAS EORPACH:

- **Paireacht éigeantach** a bhunú i liostaí na n-iarrthóirí do thoghcháin AE;
- Cinntiú **go gcuirtear iarrthóirí baineanna** ar liostaí toghcháin an AE **in áiteanna inar féidir go dtoghfar iad** trí **úsáid cuótaí** a dhéanamh éigeantach agus trí **mhodhanna chun iarrthóirí fireanna agus baineanna a mhalartú,** amhail zipliostaí, a chur i bhfeidhm;
- Áirithiú **ionadaíocht chomhionann na mban agus na bhfear sa chinnteoireacht pholaitiúil mar ionadaíocht 50/50** de gach inscne in aon chomhlacht cinnteoireachta de chuid an AE, lena n-áirítear "na poist is airde" an AE;
- An **dualgas ar pháirtithe polaitíochta bean agus fear a ainmniú mar phríomhiarrthóirí** ar liostaí toghcháin an AE a shonrú.

### ÁR NGLAONNA CHUIG BALLSTÁIT AN AE:

- Iarrthóirí a mholadh le bheith ina gCoimisinéirí ar bhealach a áirithíonn **ionadaíocht chomhionann ban** agus fear i measc chomhaltaí an **Choimisiúin Eorpaigh**;
- **Reachtaíocht cheangailteach** a ghlacadh **maidir le cuótaí agus zipliostaí,** ag brath ar an gcóras toghcháin, chun **paireacht a bhaint amach d'ionadaithe tofa** do phoist cinnteoireachta polaitíochta;
- **Cinntiú go bhfuil cearta ag gach bean, lena n-áirítear mná faoi mhíchumas** a bhféadfadh sé go bhfuil na cearta sin ceilte orthu agus/nó a bhfuil bacainní breise orthu i leith an phróisis **chun vótáil, chun seasamh i dtoghchán agus chun páirt a ghlacadh sa saol daonlathach;**
- **Bearta ceangailteacha a ghlacadh, a chur chun feidhme agus a mhaoiniú go leordhóthanach** chun **sábháilteacht na mban** a ráthú agus iad ag plé **leis an bpobal ar líne nó sa spás fisiceach**;
- Cinntiú go **gcuirfear an Treoir um Mhná ar Bhoird i bhfeidhm go tapa** chun ionadaíocht chomhionann na mban ag poist cinnteoireachta san earnáil eacnamaíoch a fheabhsú.

Tuilleadh eolais

# TACÚ LE NEAMHSPLEÁCHAS EACNAMAÍOCH NA MBAN I DTREO SAMHAIL EACNAMAÍOCH FHEIMINEACH

Ní mór dúinn **múnla eacnamaíoch feimineach** a ghlacadh atá cumhdaithe i **gceartas eacnamaíoch, i gceartas sóisialta agus i gceartas comhshaoil** a **aithníonn cúram mar chnámh droma ár sochaí.** Ní mór dúinn infheistíocht a dhéanamh in aisiompú bhaineannú na bochtaineachta a théann i bhfeidhm go háirithe ar mhná imeallaithe mar gheall ar a dtaithí ar chineálacha éagsúla idirdhealaithe.

## ÁR N-ÉILIMH DON AONTAS EORPACH:

- **Peirspictíocht inscne** a chomhtháthú **i mbeartais fhioscacha, eacnamaíocha, fostaíochta agus sóisialta;**
- Cinntiú go mbeidh an **Straitéis Chúraim Eorpach** fite fuaite i gcreat chearta an duine, go mbeidh cur chuige iomlánaíoch saolré i gceist léi a aithníonn gur cuid riachtanach dár ngeilleagar é cúram;
- Dul níos faide ná an Straitéis seo chun **Comhaontú um Chúram don Eoraip** a bhunú, agus é ar chomhchéim leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an gClár Oibre Digiteach, le hinfheistíocht cosúil leo sin curtha i leataobh ina leith;
- **Anailís ar bhuiséadú inscne** a dhéanamh le linn **athbhreithniú meántéarmach 2023 ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 agus buiséadú inscne a chomhtháthú sa CAI 2027-2033 amach anseo;**
- Tionscadal píolótach a bhunú ar fud an AE le spriocanna maidir le **príomhshruthú inscne i gcinntí buiséadacha**, agus **Thascfhórsa tiomnaithe** i mbun monatóireacht ar a chur chun feidhme agus ar a thorthaí;
- **Spriocanna Eorpacha a ghlacadh maidir le tacaíocht chúraim agus seirbhísí a aithníonn an ról atá ag gach bean, lena n-áirítear mná scothaosta agus mná faoi mhíchumas, mar chúramóirí.**

## ÁR NGLAONNA CHUIG BALLSTÁIT AN AE:

- **Bonneagar agus seirbhísí cúraim atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán** a thógáil agus a chothabháil, mar aon le hinfheistíocht a dhéanamh ann, **laistigh de chur chuige saolré cearta daonna chun freastal ar riachtanais chúraim ag gach céim**;
- **Rochtain a sholáthar do mhná ar obair fhónta réasúnta, lena n-áirítear ioncam réasúnta, pá comhionann, slándáil, forbairt phearsanta agus cosaint shóisialta imleor**, agus aird faoi leith ar mhná a bhfuil rátaí dífhostaíochta níos airde agus na rátaí pá is ísle acu, amhail mná faoi mhíchumas, mná imirceacha, mná scothaosta agus mná atá ina gcónaí i gceantair thuaithe;
- **Indibhidiúlú cearta sóisialta** agus **cánachas** pearsanta (forásach) a ráthú;
- **Measúnú inscne ar bheartais eacnamaíocha agus shóisialta** a dhéanamh go córasach chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna struchtúracha atá le baineannú na bochtaineachta;
- Aghaidh a thabhairt ar na bearnaí idir na hinscní maidir le pinsin agus iad a chur ina gceart trí **athchóiriú pinsean**.

Tuilleadh eolais

# DEIREADH A CHUR LE GACH CINEÁL FORÉIGIN IN AGHAIDH NA MBAN AGUS NA GCAILÍNÍ ARNA BHUANÚ AG AN GCÓRAS PATRARCACH

**Is é Foréigean in aghaidh na mBan agus na gCailíní (VAWG) an sárú is forleataí ar chearta daonna na mban**. Is réaltacht laethúil é an foréigean fireann do go leor ban agus cailíní ar fud na hEorpa agus is léiriú instinniúil é ar neamhionannas struchtúrach idir mná agus fir. Ní féidir síocháin ná slándáil a bheith ann agus eagla ar mhná faoina sábháilteacht ina dteach, in ionaid oibre agus in áiteanna poiblí ar fud na hEorpa. San AE, **d'fhulaing 1 as 3 bhean foréigean fisiciúil agus/nó gnéasach** agus **d'fhulaing 1 as 2 bhean gnéaschiapadh ó bhí siad 15 bliana d'aois.**[19]

## ÁR N-ÉILIMH DON AONTAS EORPACH:

- Glacadh go tapa leis an **Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh lena n-áirítear a forálacha maidir le teacht i dtír gnéasach agus cibearfhoréigean in aghaidh na mban;**
- **Tar éis aontachas an AE le Coinbhinsiún Iostanbúl, Comhordaitheoir AE a cheapadh chun deireadh a chur le gach cineál d'fhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní** a áirithíonn comhleanúnachas i gcur chun feidhme na n-ionstraimí reachtacha éagsúla;
- Áirithiú go dtabharfar aghaidh cheart ar **gach cineál de dhúshaothrú gnéasach ban**, de réir na coireachta tromchúisí trasteorann dá dtagraítear in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an AE (CFAE), **i reachtaíocht an AE,** lena n-áirítear an striapachas agus an mháthairionadaíocht**;**
- **Foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a mholadh ar liosta na gcoireanna tromchúiseacha trasteorann chun** a áirithiú go gcuirfear i gcrích creat reachtaíochta cuimsitheach AE a thugann aghaidh ar gach cineál d'Fhoréigean in aghaidh na mBan agus na gCailíní.

## ÁR NGLAONNA CHUIG BALLSTÁIT AN AE:

- **Coinbhinsiún Iostanbúl a dhaingniú agus a chur chun feidhme ina iomláine gan aon fhorchoimeádas**, aghaidh a thabhairt ar an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní mar shárú struchtúrach ar chearta an duine agus peirspictíocht íogair ó thaobh inscne a chur i bhfeidhm i ngach beartas agus cleachtas;
- Áirithiú go **gcosnófar cearta íospartaigh mná agus cailíní imirceacha agus dídeanaithe, go sonrach trí stádas cónaitheora neamhspleách a bhronnadh** - ba cheart éilimh ar thearmann atá bunaithe ar inscne a mheas, ní mór nósanna imeachta glactha a bheith íogair ó thaobh inscne de, agus ní mór prionsabal an neamh-refoulement a chur i bhfeidhm maidir le híospartaigh fhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní;
- Forálacha na **Treorach um Fhoréigean in aghaidh na mBan agus um Fhoréigean Teaghlaigh a chur i bhfeidhm ina iomláine** a luaithe a ghlacfar í;
- **Tacaíocht a sholáthar, saor in aisce agus inrochtana do chách, atá saincheaptha** do riachtanais **íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh**, lena n-áirítear mná faoi mhíchumas, mná a chónaíonn i gceantair thuaithe, mná imirceacha, agus mná atá buailte ag easpa dídine.

Tuilleadh eolais

## DEIREADH A CHUR LE DÚSHAOTHRÚ COLAINNE NUA-LIOBRÁLACH AGUS PATRARCACH AR MHNÁ AGUS AR CHAILÍNÍ

Tá gáinneáil chun críche dúshaothraithe gnéis fós ar an gcineál dúshaothraithe is forleithne san AE. Is mná iad formhór mór na n-íospartach (87%).[20] **Ní bheadh gáinneáil le haghaidh dúshaothrú gnéasach ann gan an t-éileamh ar striapacha ban**: is é sin an fáth a gcaithfimid an striapachas agus dúshaothrú gnéasach a chomhrac ar cineálacha foréigin iad in aghaidh ban agus cailíní.

### ÁR N-ÉILIMH DON AONTAS EORPACH:

- **An tSamhail Chomhionannais a ghlacadh ar leibhéal an AE** agus reachtaíocht AE a chomhchuibhiú i gcomhréir leis an **gcur chuige um éileamh deiridh;**
- **Trasuíomh éifeachtach Threoir 2011/36/AE a áirithiú chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, agus fócas áirithe ar anailís inscne agus ar gháinneáil le haghaidh dúshaothrú gnéasach;**
- Áirithiú **go leanfar le sainordú Comhordaitheoir Frithgháinneála neamhspleách lánaimseartha chun cur i bhfeidhm na Treorach Frithgháinneála a áirithiú agus a sainordú a leathnú** tar éis teacht isteach reachtaíocht maidir le teacht i dtír gnéasach chun maoirseacht a dhéanamh freisin ar chur chun feidhme gach gné a bhaineann le gáinneáil agus dúshaothrú gnéasach ban agus leanaí a chomhrac de réir Airteagal 83(1) den CFAE;
- **Comhleanúnachas a chinntiú le CEDAW** agus le Moladh Ginearálta 38 dá chuid i ngach creat reachtach agus na naisc idir gáinneáil agus striapachas a aithint.

### ÁR NGLAO CHUIG BALLSTÁIT AN AE:

- **Tacaíocht éifeachtach** a sholáthar **do mhná atá ina n-íospartaigh de dhúshaothrú gnéasach** trí chláir scoir a chur i bhfeidhm lena n-áirítear tacaíocht dlí, sláinte, tithíochta agus fostaíochta;
- **Deireadh a chur le coinníollacht an smachtbhanna a bheith nasctha leis an bhfíric go an duine "ar an eolas"** go bhfuil gáinneáil á dhéanamh air nó uirthi;
- **Bonneagar agus seirbhísí sonracha a fhorbairt agus a mhaoiniú atá oiriúnaithe do na grúpaí is leochailí don gháinneáil agus do dhúshaothrú gnéasach,** amhail mná ó ghrúpaí mionlaigh, mná imirceacha, mná óga, mná faoi mhíchumas, mná atá thíos leis an mbochtaineacht nó le cúlra éigin mí-úsáide, lena n-áirítear **tearmainn, líne chabhrach agus gairmithe oilte**.

Tuilleadh eolais

## FÉINCHINNTIÚCHÁN COLAINNE A RÁTHÚ DO MHNÁ

Is cineál den Fhoréigean in Aghaidh na mBan agus na gCailíní é comhéigean atáirgthe agus séanadh cúram ginmhillte atá sábháilte agus dleathach.

### ÁR N-ÉILIMH DON AONTAS EORPACH:

- **Aitheantas a thabhairt do Shláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe (SCGA) lena n-áirítear an ceart chun ginmhilleadh sábháilte,** mar chuid de **chearta daonna na mban** agus na gcailíní agus iad a áireamh **sa Chairt Eorpach um Chearta Bunúsacha.**

### ÁR NGLAONNA CHUIG BALLSTÁIT AN AE:

- **Rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte, dlíthiúil a ráthú do gach bean** beag beann ar na cúinsí agus **aird ar leith ar riachtanais grúpaí mionlaigh** amhail mná imirceacha nó mná faoi mhíchumas;
- **Rochtain shaor, cháilíochtúil agus chomhionann ar raon iomlán frithghiniúnach a áirithiú**, lena n-áirítear frithghiniúnaigh éigeandála agus tacú le taighde breise chun an baol a bhaineann le fo-iarmhairtí díobhálacha frithghiniúnach ban a laghdú, chomh maith le **foirmeacha nua frithghiniúnach fireann a fhorbairt agus a thráchtálú;**
- **Oideachas cuimsitheach caidrimh agus gnéasachta** bunaithe ar **neamhspleáchas, meas, frithpháirteachas, toiliú, gnéas sábháilte taitneamhach** a chur san áireamh i gcuraclaim scoile agus **dul i ngleic le steiréitíopaí inscne, réaltachtaí fhoréigean na pornagrafaíochta agus le hoibiachtú agus hípearghnéasú ban;**
- Cosc, **toirmeasc agus coiriú a dhéanamh ar chiorrú ball giniúna ban** agus **ar chomhéigean i leith obráidí roghnacha eile,** agus ar gach cineál eile **d'fhoréigean gnéas-bhunaithe agus mí-úsáid cearta gnéasachta agus atáirgthe ban** atá san áireamh i gCoinbhinsiún Iostanbúl amhail **ginmhilleadh éigeantais, pósadh éigeantais agus steiriliú éigeantais,** lena n-áirítear an **mná agus cailíní ar bith faoi mhíchumas.**

Tuilleadh eolais

# GUTHANNA NA mBÁN A ÁIREAMH I GCOTHÚ NA SÍOCHÁNA

Bíonn mná i gcónaí thíos le fíor-réaltacht gach cogaí agus coinbhleachta armtha. Ní hamháin go mbíonn orthu teitheadh go díréireach óna dtír féin, ach is iad a gcorp na páirceanna catha ar a maíonn lucht déanta na gcogaí as a mbua, mar atá á léiriú arís eile sa chogadh san Úcráin. Mar sin féin, tá mná riachtanach fós chun a chinntiú gur féidir le sochaí feidhmiú in aimsir chogaidh. **Ní mór, dá bhrí sin, gné comhionannais inscne a áireamh i bhfreagraí uile an AE ar chogaí agus ar choinbhleachtaí.**

## ÁR N-ÉILIMH DON AONTAS EORPACH:

- **Rún 1325 de chuid an CSNA** agus an clár oibre iomlán maidir le mná, síocháin agus slándáil **a chur chun feidhme ina iomláine**;
- **Cultúr Síochána Meántéarmach go Fadtéarmach** a chothú agus buiséadú ina leith sin;
- Cinntiú go bhfuil **eagraíochtaí cearta ban agus mná páirteach i bpróisis chinnteoireachta** (idirbheartaíocht síochána, atógáil agus cothú na síochána, etc.);
- **Iniúchadh/measúnú inscne a dhéanamh ar chláir agus ar bheartais atógála** chun an tionchar ar chomhionannas inscne agus ar chearta na mban a mheas agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh.

## ÁR NGLAONNA CHUIG BALLSTÁIT AN AE:

- **Sainseirbhísí tacaíochta a fhorbairt do na mná agus do na cailíní go léir a dhíláithrítear de thoradh cogaí,** lena n-áirítear rochtain uilíoch ar sheirbhísí dlí, leighis, síceasóisialta, agus gnéis agus sláinte atáirgthe atá **lán-inrochtana agus atá in oiriúint do mhná faoi mhíchumas, do mhná scothaosta, agus do mhná agus do chailíní ó chúlraí éagsúla cultúrtha agus teanga;**
- Cinntiú go **bhfuil foirne a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil do mhná agus do chailíní imirceacha sainoilte**, go háirithe maidir le Foréigean in aghaidh na mBan agus na gCailíní agus dúshaothrú gnéasach.

Learn more

# PÁIRT LÁRNACH A BHEITH AG MNÁ SAN AISTRIÚ GLAS

Mar gheall go dtrasnaíonn inscne, eitneachas, ciníochas, míchumas, agus fachtóirí eile, lena n-áirítear éagothroime shóisialta dhomhanda, cúrsaí athraithe aeráide, is amhlaidh gur **saincheist feimineachais.** Bíonn tionchar díréireach ag tionchar na géarchéime aeráide ar mhná, agus is **gníomhairí cumhachtacha iad d'athrú comhshaoil** nach mór a áireamh go hiomlán san aistriú glas.

## ÁR N-ÉILEAMH DON AONTAS EORPACH:

- **Príomhshruthú inscne a chur i bhfeidhm** go córasach **agus glacadh le cur chuige trasnach** maidir le **beartais agus rialacháin aeráide** a cheapadh;
- **Buiséadú inscne a chur i bhfeidhm maidir le cúrsaí airgeadais don aeráid agus don inbhuanaitheacht.**

## ÁR NGLAO CHUIG BALLSTÁIT AN AE:

- **Ionadaíocht na mban a mhéadú sa chinnteoireacht i rialtais agus in aireachtaí áitiúla a phléann le cúrsaí aeráide;**
- **Cosc réamhghníomhach a chur ar ghéarú na bochtaineachta fuinnimh** a théann i bhfeidhm go díréireach ar mhná;
- Deis an **aistrithe ghlais a thapú chun dul i ngleic le bearnaí inscne maidir le pá, fostaíocht, tuilleamh fadtéarmach agus pinsean, agus neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a ráthú;**
- Na Conclúidí Comhaontaithe ón gCoimisiún maidir le Stádas na mBan (E/CN.6/2022/L.7) maidir le mná, inscne agus aeráid a chur chun feidhme go hiomlán.[21]

Learn more

**NÓTAÍ DEIRIDH**


**1** Fundamental Rights Agency, Violence against women: an EU-wide survey, 2014: https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra-2014-vaw-survey-main-results-apr14_en.pdf

**2** EIGE 2022 Gender Equality Index

**3** https://www.equalpayday.be/europa/

**4** EIGE 2022 Gender Equality Index

**5** https://www.euractiv.com/section/health-consumers/news/polands-de-facto-abortion-ban-risks-lives-says-mep/

**6**https://tbinternet.ohchr.org/_layouts/15/treatybodyexternal/Download.aspx?symbolno=INT%2FCEDAW%2FCOC%2FSVN%2F51818&Lang=en

**7**https://tbinternet.ohchr.org/_layouts/15/treatybodyexternal/Download.aspx?symbolno=INT%2FCEDAW%2FCOC%2FHUN%2F51815&Lang=en

**8**https://tbinternet.ohchr.org/_layouts/15/treatybodyexternal/Download.aspx?symbolno=CEDAW%2FC%2FBEL%2FCO%2F8&Lang=en

**9** https://www.noustoutes.org/comprendre-les-chiffres/

**10** https://eige.europa.eu/publications/improving-legal-responses-counter-femicide-european-union-perspectives-victims-and-professionals

**11** https://www.womenlobby.org/EWL-unveils-a-new-factsheet-on-violence-against-women

**12** EIGE 2022 Gender Equality Index

**13** https://www.enar-eu.org/wp-content/uploads/2019_06-Racial-diversity-EU-Parliament-elected-MEPs.pdf

**14** EIGE 2021Gender Equality Index 2021

**15** https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/justice-and-fundamental-rights/gender-equality/equal-pay/gender-pay-gap-situation-eu_en

**16** https://www.equalpayday.be/europa/

**17** https://eige.europa.eu/gender-mainstreaming/policy-areas/economic-and-financial-affairs/economic-benefits-gender-equality

**18** EIGE. Economic Benefits of Gender Equality in the European Union Overall economic impacts of gender. Available here: https://eige.europa.eu/gender-mainstreaming/policy-areas/economic-and-financial-affairs/economic-benefits-gender-equality

**19** Fundamental Rights Agency, Violence against women: an EU-wide survey, 2014: https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra-2014-vaw-survey-main-results-apr14_en.pdf

**20** EUR-Lex - 52022DC0736 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

**21** https://www.undocs.org/Home/Mobile?FinalSymbol=E%2FCN.6%2F2022%2FL.7&Language=E&DeviceType=Desktop&LangRequested=False


DÉANAIMIS TOIL LÁIDIR PHOLAITIÚIL A ATHDHEARBHÚ AGUS ACMHAINNÍ SUNTASACHA A LEITHDHÁILEADH CHUN GEALLTANAIS AN AE MAIDIR LE COMHIONANNAS IDIR MNÁ AGUS FIR A CHOMHLÍONADH!

## BUÍOCHAS

**Ba mhaith le Brúghrúpa Mhná na hEorpa (EWL) aitheantas a thabhairt don rannchuidiú na mballeagraíochtaí náisiúnta agus buíochas ó chroí a ghabháil leis na hionadaithe go léir a ghlac an t-am chun a saineolas agus a n-aiseolas náisiúnta a sholáthar do Rúnaíocht EWL, go háirithe an Meitheal um Mhná sa Pholaitíocht.**

Eagarthóir: Jéromine Andolfatto & Mirta Baselovic
Rannpháirtithe: Laura Kaun agus Konstantina Vardaramatou
Dearadh: Esther Rizo Casado
Uachtarán: Réka Safrány
Ard-Rúnaí Gníomhach: Mary Collins

**Ba é an tAontas Eorpach a mhaoinigh an tuarascáil seo. Is é Brúghrúpa Mhná na hEorpa amháin atá freagrach as ábhar na tuarascála seo agus ní gá go léiríonn sí tuairimí an Aontais Eorpaigh.**

Funded by
the European Union

## MAIDIR LE BRÚGHRÚPA MHNÁ NA HEORPA

Bunaithe in 1990, is é Brúghrúpa Mhná na hEorpa (EWL) an scáthghréasán Eorpach is mó de chomhlachais na mban a dhéanann ionadaíocht thar ceann níos mó ná 2,000 eagraíocht san AE agus iad ag teacht le chéile chun feachtasaíocht a dhéanamh i dtreo a gcomhfhíse d'Eoraip Feimineach. Tá baill ag an EWL in 26 Bhallstát de chuid an AE, trí Thíortha is Iarrthóirí (Poblacht na Macadóine Thuaidh, an tSeirbia, an Tuirc), an Íoslainn agus an Ríocht Aontaithe, chomh maith le 17 n-eagraíocht ar fud na hEorpa a dhéanann ionadaíocht ar éagsúlacht na mban agus na gcailíní san Eoraip.
In éineacht lenár gcomhaltaí, tá sé mar aidhm againn tionchar a imirt ar an bpobal i gcoitinne agus ar Institiúidí Eorpacha chun tacú le cearta daonna agus comhionannas idir mná agus fir.

## ACMHAINNÍ BREISE

Scan!

@EuropeanWomen @europeanwomenlobby EuropeanWomen

CUIRIMIS DEIREADH CRÍOCHNÚIL LEIS AN GCÓRAS PATRARCACH AGUS LEIS NA

DEARCTHAÍ A BHAINEANN AN BONN DE DHÍNIT

NA MBAN GO LÉIR AGUS A CHUIREANN SAOL NA MBAN AGUS NA GCAILÍNÍ I MBAOL!

https://www.womenlobby.org/

Brúghrúpa Mhná na hEorpa, Meitheamh 2023

EUROPEAN WOMEN'S
LOBBY
EUROPEEN DES FEMMES